

**Dr Máire Geoghegan-Quinn**
Chairperson, Údarás na hOllscoile

A [ainm an chomhalta foirne], a chara,

Rinneadh Údarás na hOllscoile a athbhunú i mí Mheán Fómhair seo caite tar éis don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, reachtaíocht nua a rith. Tá difríocht shuntasach idir Údarás nua na hOllscoile, a mhairfidh a théarma go dtí Eanáir 2025, agus na boird a bhí ann roimhe seo i dtéarmaí a mhéid (19 gcomhalta) agus a chomhdhéanamh. Áirítear leis an mballraíocht comhaltaí foirne, mic léinn agus baill sheachtracha a cheaptar ar bhonn a n-inniúlachtaí agus a bhfuil saineolas nach beag acu chomh maith le raon éagsúil taithí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi na gobharnóirí anseo.

Tá Údarás na hOllscoile freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar threoir straitéiseach iomlán agus ar fheidhmíocht na hOllscoile agus tá sé freagrach don Aire agus don Údarás um Ard-Oideachas. Tá eolas maidir le freagrachtaí Údarás na hOllscoile anseo. Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi na cinntí a bhfuil Údarás na hOllscoile agus a fhochoistí freagrach astu anseo.

An aidhm atá againn thar thréimhse Údarás na hOllscoile reatha tú a choinneáil ar an eolas faoi obair an bhoird agus tá súil againn léargas a fháil ar thosaíochtaí phobal na hOllscoile trí na tuairiscí a fhaighimid agus trí idirphlé leat. Féadfaidh tú teacht ar an tuarascáil is déanaí d'Údarás na hOllscoile ón Uachtarán agus ó Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile anseo.

Ag cruinniú na Nollag an tseachtain seo chugainn, déanfaidh an bord breithniú ar thuarascálacha ar ábhair thábhachtacha cosúil le feabhas a chur ar chibearshlándáil, an bhearna phá idir na hinscní a thomhas, athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní daonna, agus measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht rialúcháin inmheánacha na hOllscoile.

Cloisfidh tú uainn ó am go chéile i rith na bliana seo chugainn trí ríomhphoist agus podchraoltaí, agus trí Cois Coiribe, agus ba mhaith linn cloisteáil uait freisin. Is féidir leat dul i dteagmháil le hÚdarás na hOllscoile trí Oifig an Rúnaí Rialachais & Gnóthaí Acadúla: govandacademicaffairs@universityofgalway.ie

Mar fhocal scoir, guím gach rath ort don Nollaig agus gabhaim buíochas leat, thar ceann Údarás na hOllscoile, as do thiomantas d'Ollscoil na Gaillimhe.

Le dea-ghuí,
An Dr Máire Geoghegan-Quinn
Cathaoirleach, Údarás na hOllscoile

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar Mhol Rialachais Ollscoil na Gaillimhe anseo